# An Litir Chuig na
# hEABHRAIGH

## Uaisleacht an Mhic

1 Labhair Dia go minic agus ar shlite éagsúla anallód léis na haithreacha trí bhíthin na
bhfáithe; [2]ach sna laethanta deireanacha seo labhair sé linn trína Mhac, an té a cheap
sé ina oidhre ar an uile ní agus ar tríd a rinne sé a bhfuil ann. [3]Is é scáil a ghlóire agus cló
a shubstainte é. Is é a choinníonn an chruinne ar bun lena bhriathar bríomhar. Tar éis dó
ár bpeacaí a ghlanadh chuaigh sé ina shuí ar dheis Dé sna harda [4]agus fuair sé gradam an
oiread céanna níos uaisle ná na haingil is atá an t-ainm a fuair sé mar oidhreacht níos
uaisle ná a n-ainm siúd.

[5]Óir cé acu de na haingil a ndúirt sé leis riamh: “Is tú mo Mhac, inniu a ghin mé thú”;
agus arís: “Beidh mé i m’Athair aige agus beidh seisean ina Mhac agamsa”? [6]Agus arís
eile, nuair a sheol sé an Chéadghin isteach sa saol, dúirt sé leis: “Agus sléachtadh aingil
uile Dé roimhe.”

[7]Deir sé i dtaobh na n-aingeal: “Déanann sé gaotha dá aingil agus lasracha tine dá
sheirbhísigh.” [8]Ach is é a deir sé i dtaobh an Mhic ná: “Beidh do ríchathaoir ann, a Dhia,
choíche is go deo,” agus: “Slat na córa is ea slat do réim-sé; [9]thug tú grá don cheart agus

fuath don urchóid; dá bharr sin d'ungaigh Dia, do Dhia féin, thú thar do chompánaigh le
hola an ghairdis," [10]agus: "Is tú a Thiarna, a bhunaigh an domhan ar dtús; saothar do
lámh is ea na spéartha; [11]rachaidh siadsan ar ceal ach mairfidh tusa buan; ídeofar iad go
léir mar chlóca; [12]fillfidh tú ar a chéile iad mar bhrat agus mar chlóca freisin déanfar iad a
mhalartú; ach ní thagann athrú ortsa in aon chor agus ní bheidh deireadh le do ré."
[13]Agus cé acu de na haingil a ndúirt sé leis riamh: "Suigh ar mo láimh dheis go
gcuirfidh mé do naimhde mar stól faoi do chosa"? [14]Nach spioraid fhriothála iad go léir a
chuirtear amach ag déanamh seirbhíse ar son na ndaoine a gheobhaidh an slánú mar
oidhreacht.

## Críost an Slánaitheoir

2 Ní mór dúinn, mar sin, aird níos mó ná riamh a thabhairt ar a bhfuil cloiste againn le
heagla go n-imeoimis le sruth. [2]Má deimhníodh an teachtaireacht sin a fógraíodh trí
bhíthin aingeal agus má cuireadh pionós cuí ar gach sárú agus briseadh dá ndearnadh
uirthi, [3]conas a éalóimidne as má bhímid ar nós cuma liom faoina chomhmhór sin de
shlánú [agus a gealladh dúinn]. Óir is trí bhéal an Tiarna a fógraíodh é ar dtús agus
deimhníodh dúinn é ansin tríd an muintir a chuala é. [4]Thug Dia féin dearbhú air le
comharthaí agus le héachtaí agus nuair a dáileadh tíolacthaí an Spioraid Naoimh de réir a
thola.
[5]Ní faoi smacht aingeal a chuir Dia an saol atá le teacht a bhfuilimid ag trácht air.
[6]Thug duine éigin dearbhú dúinn air seo áit éigin, á rá: "Cad é an duine go mbeadh

cuimhne agat air nó mac an duine go ndéanfá cúram de? [7]Ar feadh tamaillín rinne tú ní
b'uaisle ná na haingil é. Chuir tú coróin ghlóire agus onóra air [8]agus chuir tú an uile ní
faoina smacht." Mar sin de, nuair a "chuir sé an uile ní faoina smacht," níor fhág sé aon
ní ann nach raibh faoina smacht. I láthair na huaire seo ní fheicfimid go fóill "go bhfuil
gach ní curtha faoina smacht." [9]Is é rud a fheicfimid, áfach, ná Íosa – an té a rinneadh
níba ísle ná na haingil ar feadh tamaillín i ngeall ar an mbás a d'fhulaing sé – agus é faoi
choróin ghlóire agus onóra; mar (is trí ghrásta Dé a) d'fhulaing sé an bás ar mhaithe le
cách.

[10]Ag seoladh mórán mac chun na glóire dó ba chuí don Té, ar dó agus ar tríd atá an
uile ní ann, a gceannródaí ar bhóthar an tslánaithe a thabhairt chun foirfeachta le
peannaidí. [11]Óir is d'aon bhunadh amháin an té a naomhaíonn agus na daoine a
naomhaítear. Ar an ábhar sin ní náir leis bráithre a thabhairt orthu, [12]á rá: "Inseoidh mé d'
ainm do mo bhráithre; molfaidh mé thú i lár na comhdhála," [13]agus arís: "Is air a bheidh
mo sheasamh," agus arís eile: "Féach anseo mé agus an chlann a thug Dia dom."

[14]Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil nádúr daonna ag an gclann go léir, ghlac seisean an
nádúr céanna sin. Rinne sé é sin chun an té a bhfuil an bás faoina cheannas, is é sin, an
diabhal, a scriosadh trína bhás féin, [15]agus chun a raibh faoi dhaoirse ar feadh a saoil le
heagla an bháis a fhuascailt. [16]Óir is cinnte nach aingil is cúram dó ach sliocht Abrahám.
[17]Mar sin de, níorbh fholáir dó bheith cosúil lena bhráithre i ngach slí ionas go mbeadh sé
ina ardsagart trócaireach dílis i seirbhís Dé a dhéanfadh cúiteamh leis i bpeacaí an
phobail. [18]Agus anois ós rud é gur fhulaing sé féin nuair a cuireadh cathú air is féidir leis
cabhrú leo siúd a gcuirtear cathú orthu.

## Is Uaisle É ná Maois

3 Ar an ábhar sin, a bhráithre naofa, atá pairteach i ngairm neamhaí, breathnaígí ar Íosa,
aspal agus ardsagart ár gcreidimh. [2]Bhí sé dílis don Té a cheap é go díreach mar a bhí
Maois dílis freisin i dteaghlach uile Dé. [3]Ach meastar gur mó is díol gradaim é Íosa ná
Maois an oiread céanna agus is mó is díol gradaim é tógálaí an tí ná an teach féin; [4]níl
aon teach ann, ar ndóigh, nár thóg duine éigin é ach is é Dia a rinne gach ní. [5]Cinnte, bhí
Maois dílis i dteaghlach uile Dé, ach mar sheirbhíseach a bhí le fianaise a thabhairt ar na
nithe a bhí le fógairt níos déanaí; [6]bhí Críost dílis freisin ach mar Mhac agus mar mháistir
ar theaghlach Dé. Agus is sinne a theaghlach má choinnímid ár muinín agus ár móráil as
ár ndóchas (daingean go dtí an deireadh).

## Conas a Áitreabh Suaimhnis a Bhaint Amach

[7]Dá bhrí sin, mar a deir an Spiorad Naomh: “Má chloiseann sibh a ghuth inniu, [8]ná
cruaigí bhur gcroí faoi mar a tharla sa Cheannairc agus ar Lá úd na Féachála san fhásach
[9]mar ar chuir bhur n-aithreacha féacháil agus triail orm cé go bhfaca siad mo
ghníomhartha ar feadh daichead bliain. [10]Sin é an fáth ar tháinig fearg orm leis an nglúin
sin agus go ndúirt mé: ‘Tá croíthe guagacha ag na daoine seo i gcónaí; níor fhoghlaim
siad mo bhealaí riamh.’ [11]Dá dheasca sin thug mé an mionn seo uaim le corp feirge: ‘Ní
rachaidh siad isteach i m’áitreabh suaimhnis choíche.’”

[12]Féachaigí chuige, a bhráithre, nach mbeidh drochchroí chomh díchreidmheach sin ag aon duine agaibh agus go dtréigfidh sé an Dia beo choíche. [13]Gach lá, fad a bhíonn “an lá inniu” seo ann, bígí ag gríosú a chéile ar eagla go ndéanfaí aon duine agaibh a chruachan le mealltacht an pheaca. [14]Mar ní bheimid i gcomhpháirt le Críost ach ar an gcoinníoll go gcoinnímid ár gcéadmhuinín daingean go dtí an deireadh. [15]Ós rud é go ndeirtear: “Má chloiseann sibh a ghuth inniu, ná cruaigí bhur gcroí faoi mar a tharla sa Cheannairc,” [16]caithfear a fhiafraí cérbh iad na daoine a chuala é agus a rinne ceannairc ina aghaidh. Nárbh iad na daoine go léir iad a d’fhág an Éigipt faoi cheannas Mhaois? [17]Agus cérbh iad na daoine a raibh sé i bhfeirg leo ar feadh daichead bliain? Nárbh iad na daoine a rinne peaca agus a thit fuar marbh ina gcorpáin san fhásach? [18]Agus cérbh iad na daoine ar thug sé mionn dóibh nach rachaidís isteach ina áitreabh suaimhnis choíche ach na daoine a bhí easumhal dó. Feicimid, mar sin, gur de dheasca a [n-easumhlaíochta] nárbh fhéidir leo dul isteach ann.

4 Dá bhrí sin, cé go seasann an gealltanas faoi dhul isteach ina áitreabh suaimhnis go fóill, bíodh imní orainn ar eagla go measfaí go bhfuil teipthe ar aon duine agaibh é a bhaint amach. [2]Óir fógraíodh an dea-scéal dúinn díreach mar a fógraíodh dóibhsean é. Ach níorbh aon tairbhe dóibh an teachtaireacht a chuala siad de bhrí nach raibh siad aontaithe tríd an gcreideamh leis na daoine a thug cluas di. [3]Ach sinne, a bhfuil an creideamh againn, táimidne ag dul isteach san áitreabh suaimhnis, faoi mar atá ráite aige: “Dá dheasca sin thug mé an mionn seo uaim le corp feirge: ‘Ní rachaidh siad isteach i m’áitreabh suaimhnis choíche.’” Dúirt sé é sin bíodh go raibh deireadh le hobair Dé nuair a cruthaíodh an domhan. [4]Óir déanann sé tagairt don seachtú lá in áit éigin mar a leanas:

“Stad Dia dá chuid oibre go léir ar an seachtú lá,” [5]agus arís san abairt atá á plé againn deir sé: “Ní rachaidh siad isteach i m’áitreabh suaimhnis choíche.” [6]Mar sin de, is léir go rachaidh roinnt éigin daoine isteach ann. Ach de bhrí nach ndeachaigh na chéad daoine ar fograíodh an dea-scéal dóibh isteach ann de dheasca a gcuid easumhlaíochta, [7]shocraigh Dia ar lá eile a bheith ina “lá inniu”, nuair a labhair sé i bhfad níos déanaí trí Dháiví na focail seo atá luaite againn thuas: “Má chloiseann sibh a ghuth inniu, ná cruaigí bhur gcroí.” [8]Óir dá mba rud é gur thug Iósua suaimhneas dóibh, ní bheadh Dia ag caint faoi lá eile ina dhiaidh sin. [9]Dá bhrí sin, tá suaimhneas sabóideach ag feitheamh le pobal Dé, [10]óir cibé duine a théann isteach in áitreabh suaimhnis Dé stadann sé dá chuid oibre faoi mar a stad Dia dá chuid oibre féin. [11]Déanaimis ár ndícheall, mar sin, chun dul isteach san áitreabh suaimhnis sin ionas nach dteipfidh ar aon duine de dheasca an saghas céanna easumlaíochta.

## Briathar Dé

[12]Óir, tá briathar Dé beoúil bríomhar; is géire é ná aon chlaíomh dhá bhéal; téann sé isteach idir anam agus spiorad, idir smior agus smúsach agus tugann sé breith ar chlaonta agus ar smaointe an chroí. [13]Níl créatúr ar bith ann nach follas dó é; mar tá gach ní lom agus nocht do shúile an té sin a gcaithfimid cuntas a thabhairt dó inár ngníomhartha.

## Ár nArdsagart Trócaireach

[14]Ós rud é, mar sin, go bhfuil ardsagart againn atá gafa tríd na flaithis, Íosa, Mac Dé, coinnímis greim docht ar ár gcreideamh. [15]Ní amhlaidh atá ardsagart againn nach féidir

dó tuiscint a bheith aige dár laigí ach ceann a triaileadh i ngach slí cosúil linn féin ach nach ndearna peaca riamh. [16]Dá bhrí sin, druidimis go muiníneach le ríchathaoir an ghrásta le súil go ndéanfar trócaire orainn agus go bhfaighimis grásta a chabhróidh linn in am an ghátair.

5 [1]Gach ardsagart a thógtar as na daoine, ceaptar é chun seirbhís a dhéanamh do Dhia thar ceann na ndaoine. Ofrálann sé tabhartais agus íobairtí in éiric peacaí. [2]Is féidir dó trua a ghlacadh do dhaoine atá aineolach agus atá ag dul ar fán de bhrí go bhfuil sé féin lag ó gach taobh. [3]Dá dheasca sin freisin ní foláir dó íobairtí a ofráil in éiric peacaí, ní amháin thar ceann an phobail ach ar a shon féin chomh maith. [4]Agus ní ghabhann aon duine an gradam seo chuige féin mura bhfaigheann sé gairm ó Dhia mar a fuair Árón. [5]Mar an gcéanna níor thug Críost gradam ardsagairt dó féin ach fuair sé é ón té a dúirt leis: “Is tú mo Mhac; ghin mé thú inniu.” [6]Agus in áit eile fós deir sé leis: “Is sagart síoraí thú ar nós Mheilcizidic.” [7]Nuair a bhí Críost ar an saol seo chuir sé achainíocha agus urnaithe suas de ghlór ard agus le mórán deor chun an té a bhí in ann é a fhuascailt ón mbás. Éisteadh leis toisc go raibh sé urramach deabhóideach. [8]Ach bíodh gurb é Mac Dé é, d’fhoghlaim sé an umhlaíocht ó na nithe a d’fhulaing sé. [9]Nuair a tháinig sé chun foirfeachta rinneadh údar slánaithe shíoraí de don uile dhuine a bhíonn umhal dó [10]agus d’fhógair Dia gurb ardsagart é ar nós Mheilcizidic.

## Foláireamh

[11]Tá mórán le rá againn faoin ábhar seo ach beidh sé deacair dúinn é a mhíniú daoibh, mar tá sibh dallaigeanta. [12]Óir, cé gur chóir daoibh bheith in bhur múinteoirí faoin am

seo, is amhlaidh atá gá agaibh le duine éigin chun bunfhírinní briathra Dé a mhúineadh daoibh arís. Ní bia scamhardach atá ag teastáil uaibh ach bainne. [13]Óir, gach duine atá beo ar bhainne, ní fhaigheann sé blas ar bith ar aon teagasc [domhain] i dtaobh na fíréantachta mar nach bhfuil ann ach naíonán. [14]Is do dhaoine fásta amháin an bia scamhardach, is é sin, do dhaoine a bhfuil a n-aigne oilte acu le teann taithí chun an mhaith a aithint thar an olc.

6 Dá bhrí sin, fágaimis i leataobh na bunfhírinní i dtaobh Chríost. Ná tugaimis faoin mbunsraith a chur síos arís; ná déanaimis trácht ar aithrí a dhéanamh i bpeacaí marfacha ar chreideamh i nDia, [2]ar theagasc i dtaobh gnásanna níocháin, ar leagan lámh, ar an aiséirí ó mhairbh, ar an mbreithiúnas síoraí ach abraimis focal i dtaobh an teagaisc fhoirfe. [3]Is ea, déanfaimid é sin, má thugann Dia cead dúinn.

[4]Na daoine a soilsíodh tráth agus a bhlais an tabhartas neamhaí agus a fuair a gcion féin den Spiorad Naomh [5]agus a chuir eolas ar dhea-scéal Dé agus ar iontais an tsaoil atá le teacht agus [6]a thit ar lár d'ainneoin sin uile, ní féidir a leithéidí siúd a thabhairt chun aithrí arís de bhrí go bhfuil siad ag céasadh Mac Dé dá ndeoin féin uair amháin eile agus ag déanamh ceap magaidh de. [7]Cuireann Dia rath ar an talamh a shúnn isteach an fhearthainn a thiteann air ó am go chéile agus a thugann barr uaidh a rachaidh i dtairbhe do na daoine a saothraítear ar a son é. [8]Ach más sceacha agus feochadáin amháin a thugann sé uaidh ní fiú dada é agus is gearr uaidh mallacht [Dé]; dá dheasca sin dófar é ar deireadh thiar.

[9]Ach bíodh go labhraímid mar seo, a bhráithre ionúine, táimid cinnte de gur fearr ná
sin an bhail atá oraibhse agus go bhfuil sibh ar bhealach bhur slánaithe. [10]Níl Dia
éagórach. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé dearmad ar an obair a rinne sibh ná ar an ngrá atá
agaibh dó. Thaispeáin sibh an grá seo go háirithe nuair a tháinig sibh i gcabhair ar na
Críostaithe eile agus, ar ndóigh, tá sé seo á dhéanamh agaibh fós. [11]Is mian linn, áfach, go
dtaispeánfadh gach duine agaibh an díograis chéanna go dtí an deireadh nó go dtiocfaidh
na nithe a bhfuil súil agaibh leo i gcrích. [12]Níor mhaith linn go n-éireodh sibh leisciúil ach
go ndéanfadh sibh aithris ar na daoine atá ina n-oidhrí, de bharr a gcreidimh agus a
bhfadfhulaingthe, ar na maitheasaí a gealladh dóibh.

## Gealltanas Dearfa Dé

[13]Nuair a thug Dia an gealltanas d'Abrahám is air féin a dhearbhaigh sé mar ní raibh
aon rud ann níos mó ná é féin a ndearbhódh sé air. [14]Is é a dúirt sé ná: "Is iomaí
beannacht a chuirfidh mé ort agus ní bheidh áireamh ar do shliocht." [15]Bhí bua na
fadfhulaingthe ag Abrahám, agus mar sin de fuair sé a raibh geallta dó. [16]Anois, déanann
daoine dearbhú ar rud atá níos mó ná iad féin agus cuireann dearbhú daingean mar seo
deireadh le gach argóint a bhíonn eatarthu. [17]Mar an gcéanna, nuair ba mhian le Dia a
thaispeáint ní ba shoiléire ná riamh do na daoine ar tugadh an gealltanas dóibh nach
bhféadfadh athrú a theacht ar a chomhairle, thug sé mionn uaidh mar dhearbhú air. [18]Dá
bharr sin tá dhá rud do-athraithe againn anois nach féidir do Dhia bréag a dhéanamh
iontu. Tugann siad sólás mór dúinne atá tar éis teitheadh linn chun greim a bhreith ar na

nithe a chuirtear mar ábhar dóchais romhainn. [19]Is cosúil le hancaire daingean docht dár n-anam an dóchas sin. Téann sé isteach sa sanctóir atá laistigh den chuirtín [20]mar a ndeachaigh Íosa isteach ina cheannródaí ar ár son nuair a rinneadh ardsagart síoraí de ar nós Mheilcizidic.

## Meilcizidic Samhail de Chríost

7 Rí Shailéim agus sagart an Dé is airde ab ea an Meilcizidic seo. Nuair a bhí Abrahám ag filleadh abhaile ó ár na ríthe bhuail Meilcizidic leis agus thug sé a bheannacht dó [2]agus thug Abrahám an deichiú cuid den chreach go léir dó-san. Is é “Rí na Fíréantachta” an chéad chiall atá ag ainm Mheilcizidic ach ciallaíonn sé “Rí Shailéim,” is é sin, “Rí na Síochána,” freisin. [3]Ní luaitear a athair ná a mháthair ná a ghinealach ná a bhreith ná a bhás; ar nós Mhac Dé fanann sé ina ardsagart go deo.

[4]Tugaigí faoi deara anois cé chomh tábhachtach a bhí an fear seo ós rud é gur thug an patrarc Abrahám an deichiú cuid de scoth na creiche dó. [5]De réir an dlí, anois, tá sé de dhualgas ar an gcuid sin de chlann Léiví a ndéantar sagairt díobh deachaithe a ghearradh ar an bpobal, is é sin, ar a mbráithre féin, siúd is gur de shliocht Abrahám iadsan freisin. [6]Ach d’ainneoin nár de shliocht Léiví é ghearr Meilcizidic deachú ar Abrahám agus thug sé a bheannacht fiú d’fhear na ngealltanas. [7]Anois, gan aon amhras ar bith, is ó dhuine is uaisle céim ná é féin a fhaigheann duine beannacht. [8]Ina theannta sin, [i gcás na sagart] is daoine básmhara a fhaigheann na deachaithe; sa chás eile, áfach, is é a fhaigheann iad ná duine a ndearbhaítear faoi go bhfuil sé beo i gcónaí. [9]D'fhéadfá a rá chomh maith, is

dócha, gur gearradh deachaithe fiú ar Léiví féin, fear tógtha na ndeachúna, trí Abrahám.
[10]Óir, bhí Léiví i gcorp a shinsir cheana féin nuair a bhuail Meilcizidic leis.

## An Córas Léivíteach ar Ceal

[11]Fuair an pobal tofa dlí a bhí ceangailte go dlúth leis an tsagartacht Léivíteach. Más ea, dá mbeadh slánú iomlán le fáil tríd an tsagartacht sin cén fáth a mbeadh gá fós lena athrach sin ar fad de shagart, is é sin, ceann nach mbeadh ar nós Árón ach ar nós Mheilcizidic. [12]Ar ndóigh, má athraítear an tsagartacht caithfear an dlí a athrú chomh maith. [13]Anois, an té a bhfuiltear ag labhairt faoi anseo, ba de threibh eile é ar fad agus ní raibh baint ar bith ag aon duine den treibh sin leis an altóir riamh. [14]Óir, mar is eol do chách, ba de threibh Iúdá é ár dTiarna agus nuair a bhí Maois ag labhairt faoi shagairt níor luaigh sé an treibh sin ar aon chor.

[15]Agus tá cruthú níos soiléire fós ann ar an bhfírinne sin. Óir ceapadh sagart eile dúinn atá cosúil le Meilcizidic. [16]Ní dhearnadh sagart de, áfach, de réir rialacha a bhí bunaithe ar ghinealach daonna ach de bharr na cumhachta atá ag beatha dhoscriosta. [17]A fhianaise sin na focail seo a leanas: “Is sagart síoraí thú ar nós Mheilcizidic.” [18]Is é sin le rá, cuireadh na seanrialacha ar ceal toisc iad a bheith gan bhrí gan éifeacht. [19]Óir níor thug an dlí aon ní chun foirfeachta riamh. Ar an taobh eile de, áfach, músclaítear dóchas níos fearr ionainn a sheolann sinn níos gaire do Dhia.

[20]Ina theannta sin, níor tugadh aon mhionn nuair a rinneadh sagairt de na daoine eile úd. [21]Ach nuair a rinneadh sagart d’Íosa, thug Dia mionn uaidh nuair a dúirt sé leis:

“Thug an Tiarna mionn uaidh agus ní bheidh dada dá aiféala sin air: ‘Is sagart síoraí
thú.’” [22]Mar sin de, sa mhéid nach gan mhionn a rinneadh sagart d’Íosa, is fearr dá réir an
conradh a bhfuil sé ina urra air.
[23]Is amhlaidh freisin nárbh fholáir sluaite de na sagairt eile úd a bheith ann toisc nach
raibh duine acu buanmharthanach mar gheall ar an mbás. [24]Ach is sagartacht shíoraí atá
ag Íosa de bhrí go bhfuil sé ann go deo. [25]Dá thoradh sin, is féidir leis na daoine a
thagann chun Dé tríd a shlánú go hiomlán de bhrí go maireann sé de shíor chun idirghuí a
dhéanamh ar a son.
[26]Ba é a leithéid sin d’ardsagart a bhí oiriúnach dúinn: sagart naofa,
neamhurchóideach, gan smál, a bhí scartha ó na peacaigh agus tógtha suas os cionn na
bhflaitheas; [27]sagart nár ghá dó, faoi mar ba ghá do na hardsagairt eile úd, íobairt a ofráil
go laethúil in éiric a pheacaí féin ar dtús agus ansin in éiric peacaí an phobail. Níor ofráil
seisean íobairt ach aon uair amháin riamh agus sin nuair a d’ofráil sé é féin. [28]Rinne an dlí
ardsagairt de dhaoine a raibh laige éigin iontu. Ach an briathar a neartaíodh le mionn a
thug Dia i bhfad níos déanaí ná an dlí, rinne sé sin ardsagart den Mhac, eisean a bhfuil
buaic na foirfeachta bainte amach aige go deo.

## Is Fearr an Conradh Nua

8 Is é seo anois an rud is tábhachtaí dá bhfuil á rá againn: tá ardsagart den sórt sin
againn. Chuaigh sé ina shuí ar dheis ríchathaoir na Mórgachta diaga sna flaithis, [2]mar
a bhfuil sé ag freastal mar shagart sa sanctóir, is é sin, san fhíorbhoth nach duine a thóg í

ach an Tiarna. [3]Ceaptar gach ardsagart, áfach, chun tabhartais agus íobairtí a ofráil. Mar sin de, ní mór don sagart seo againne freisin rud éigin a bheith aige lena ofráil. [4]Dá mbeadh sé ar talamh ní bheadh sé ina shagart ar aon chor mar tá sagairt ann cheana chun na tabhartais a ofráil de réir an dlí, [5]siúd is nach ndéanann siad freastal ach i sanctóir nach bhfuil ach ina scáil agus ina scáth dá bhfuil ar neamh. Is léir é seo ón ordú seo a leanas a thug Dia do Mhaois nuair a bhí sé ar tí an bhoth a thógáil: “Féach chuige,” ar sé, “go ndéanfaidh tú gach rud de réir an tsampla a taispeánadh duit ar an sliabh.” [6]Ach is é fírinne an scéil é go bhfuil ministreacht shagartúil níos uaisle ná sin faighte ag Íosa sa mhéid gurb uaisle é an conradh a bhfuil seisean ina idirghabhálaí air. Óir, is fearr na gealltanais ar a bhfuil an conradh sin bunaithe.

[7]Dá mbeadh an chéad chonradh gan locht ní bheadh call leis an dara ceann. [8]Ach, déanta na fírinne, lochtaíonn Dia a phobal nuair a deir sé: “Féach! a deir an Tiarna, tá na laethanta ag teacht a ndéanfaidh mé conradh nua le teaghlach Iosrael agus le teaghlach Iúdá. [9]Ní bheidh sé cosúil leis an gconradh a rinne mé lena sinsir an lá úd ar rug mé ar láimh orthu chun iad a sheoladh amach as tír na hÉigipte. Ach ní raibh siad dílis don chonradh a rinne mé leo agus mar sin de thréig mé iad, a deir an Tiarna. [10]Agus seo é an conradh a dhéanfaidh mé le teaghlach Iosrael tar éis na laethanta sin, a deir an Tiarna: Cuirfidh mé mo dhlíthe isteach ina n-aigne agus scríobhfaidh mé ar a gcroí iad agus beidh mise i mo Dhia acu agus beidh siadsan ina bpobal agamsa. [11]Ní bheidh ar aon duine acu a chomharsa nó a bhráthair a mhúineadh, á rá: Bíodh aithne agat ar an Tiarna. Óir beidh aithne ag cách orm ó liath go leanbh. [12]Maithfidh mé a gcionta dóibh agus ní chuimhneoidh mé ar a bpeacaí feasta.” [13]Ag lua an chonartha nua dó, tá an chéad

chonradh curtha as dáta aige. Agus an rud atá as dáta agus atá ag dul in aois is gearr go rachaidh sé ar ceal ar fad.

## An Dá Shanctóir

9 Ar ndóigh, leag an chéad chonradh rialacha síos don liotúirge agus bhí sanctóir ann
freisin, ceann de dhéantús daonna. [2]Is amhlaidh a cuireadh both suas, an chéad chuid
den sanctóir. Istigh inti bhí an coinnleoir agus an bord agus builíní na fianaise. Tugtar an
Áit Naofa ar an áit sin. [3]Laistiar den dara cuirtín bhí an bhoth a dtugtar an Áit Rónaofa
air. [4]Anseo bhí altóir óir na túise agus áirc an chonartha agus í clúdaithe ar fad le hór.
Istigh san áirc bhí próca óir a raibh an manna ann agus slat Árón a chuir bachlóga amach
tráth agus táblaí an chonartha. [5]Os a cionn bhí na ceiribíní glórmhara agus a sciatháin
leata amach os cionn chathaoir na trócaire. Ach ní hé seo an t-am chun miontuairisc a
thabhairt ar na nithe sin.

[6]Nuair a bhíonn na nithe sin socair mar sin bíonn na sagairt ag dul isteach sa chéad
bhoth i gcónaí agus iad i mbun a gcúraimí liotúirgeacha. [7]Ní théann aon duine isteach sa
dara both ach amháin an t-ardsagart agus sin aon uair amháin sa bhliain. Tógann sé fuil
isteach leis lena hofráil ar a shon féin agus in éiric na bpeacaí a rinne an pobal le corp
aineolais. [8]Sa tslí sin cuireann an Spiorad Naomh in iúl dúinn nár taispeánadh an bealach
isteach chun na hÁite Rónaofa fós toisc an chéad bhoth a bheith ina seasamh go fóill.
[9]Samhail is ea é sin atá ag tagairt don am atá ann anois. Ciallaíonn sé go bhfuil tabhartais
agus íobairtí á n-ofráil nach bhfuil de chumhacht acu coinsias an adhraitheora a ghlanadh

ó pheaca go hiomlán. [10]Óir baineann siad le cúrsaí bia agus dí agus le níocháin éagsúla. Níl iontu ach deasghnátha foirimeallacha atá i bhfeidhm go dtí lá an leasaithe amháin.

## Íobairt Íonghlanta Chríost

[11]Ach tháinig Críost agus é ina ardsagart a bhféadfaí na maitheasaí uile a bhí [tagtha] a fháil tríd. Ghabh sé trí bhoth a bhí níos mó agus níos foirfe ná an seancheann; mar ní raibh sí lámhdhéanta, is é sin le rá, níor den saol seo í. [12]Chuaigh sé isteach san Áit Rónaofa aon uair amháin ar fad agus ní le cabhair fuil ghabhar agus laonna é ach lena chuid fola dílis féin agus fuair sé slánú síoraí dúinn. [13]Nuair a chroitear fuil ghabhar agus tharbh agus luaithreach bodóige dóite ar dhaoine atá neamhghlan mar gheall ar dheasghnátha an liotúirge, baintear an neamhghlaine dheasghnáthach seo díobh agus naomhaítear iad. [14]Más ea, nach bhfuil fuil Chríost níos cumhachtaí go mór ná é sin? Óir de bharr a spioraid bhuanmharthanaigh d'ofráil Íosa é féin chun Dé ina íobairt gan smál. Glanfaidh sé bhur gcoinsias ó pheacaí marfacha ionas go mbeidh sé ar bhur gcumas seirbhís a dhéanamh do Dhia beo.

[15]Agus is é an fáth a bhfuil sé ina idirghabhálaí ar chonradh nua ná ionas go bhfaigheadh na daoine a bhfuil glaoite orthu an oidhreacht shíoraí atá geallta ag Dia dóibh. Is féidir é seo a tharlú anois ós rud é go bhfuair Críost bás in éiric na gcionta a rinneadh le linn an chéad chonartha. [16]Nuair a bhíonn uacht i gceist, áfach, caithfear a chruthú go bhfuil an duine a rinne é marbh. [17]Óir fad is beo dó bíonn an uacht gan éifeacht; ní thagann sí i bhfeidhm go dtí go bhfaigheann sé bás. [18]Sin é an fáth nach

ndearnadh fiú amháin an chéad chonradh gan doirteadh fola. [19]Is amhlaidh a d'fhógair Maois na haitheanta go léir don phobal uile ar dtús faoi mar a bhí siad scríofa sa dlí. Ansin thóg sé fuil na laonna (agus na ngabhar) agus uisce agus chroith sé ar an Leabhar féin iad agus ar an bpobal uile le holann chraorag agus le híosóip, [20]á rá: "Is í seo fuil an chonartha ar ordaigh Dia daoibh é a choimeád." [21]Mar an gcéanna chroith sé an fhuil ar an mboth agus ar na gréithe uile a d'úsáidtí sa liotúirge. [22]Go deimhin, de réir an dlí is beag nach le fuil a ghlantar gach ní agus ní mhaitear peacaí gan doirteadh fola.

## Tógann Íobairt Chríost an Peaca chun Siúil

[23]Dá bhrí sin, má ba ghá macasamhla na nithe neamhaí a ghlanadh le híobairtí den sort seo tá gá le híobairtí atá níos fearr fós chun na nithe neamhaí féin a ghlanadh. [24]Óir ní isteach i sanctóir lámhdhéanta nach raibh ann ach samhail den fhíorshanctóir a chuaigh Críost, ach isteach sna flaithis féin mar a bhfuil sé anois ag déanamh idirghuí ar ár son i láthair Dé. [25]Ach ní théann sé isteach ann chun é féin a ofráil arís agus arís eile faoi mar a théann an t-ardsagart isteach san Áit Rónaofa bliain i ndiaidh bliana le fuil nach leis féin. [26]Óir dá mb'amhlaidh a bhí an scéal, bheadh air páis a fhulaingt arís agus arís eile ó chruthú na cruinne amach. Ina ionad sin, is amhlaidh atá sé tar éis teacht ar an saol sa ré dheiridh seo an t-aon uair amháin ar fad chun na peacaí a chur ar ceal trína íobairt féin. [27]Caithfidh gach duine bás a fháil an t-aon uair amháin ar fad agus ina dhiaidh sin tugtar breith air. [28]Mar an gcéanna ofráladh Críost an t-aon uair amháin ar fad le peacaí na

ndaoine go léir a thógáil air féin; tiocfaidh sé arís, ní chun peacaí a chur ar ceal, ach chun na daoine atá ag tnúthán leis a shlánú.

## Íobairt Bhuan

10 Scáil éideimhin de na maitheasaí atá le teacht is ea an dlí; ní íomhá fhírinneach í, áfach, de na nithe neamhaí. Mar sin de, bíodh go n-ofráltar na híobairtí céanna bliain i ndiaidh bliana, ní féidir leis an dlí an lucht ofrála a shlánú go hiomlán ar aon chor.
2 Dá mb'fhéidir leis, nach n-éireofaí ar fad as na híobairtí seo a ofráil? Óir, dá mba gur glanadh an lucht adhartha óna gcuid peacaí go léir an t-aon uair amháin ní bheadh buaireamh coinsiasa orthu feasta mar gheall orthu. 3 Ina ionad sin, áfach, tugtar a gcuid peacaí chun cuimhne dóibh bliain i ndiaidh bliana leis na híobairtí.
4 Leis an bhfírinne a rá, ní féidir le fuil tharbh agus ghabhar peacaí a chur ar ceal. 5 Sin é an fáth a ndeir Críost agus é ag teacht isteach sa saol seo:

"Níorbh áil leat íobairt ná tabhartas;
ach d'ullmhaigh tú corp dom.
6 Ní raibh dúil agat in íobairtí uileloiscthe ná sna ofrálacha a dhéantaí ar son peacaí.
7 Dúirt mé ansin: 'Féach, táim ag teacht, a Dhia
chun do thoil a dhéanamh,'
faoi mar atá sé scríofa fúm sa Leabhar."

8 Sa chéad áit dúirt sé: "Níorbh áil leat íobairtí ná tabhartais ná íobairtí uileloiscthe ná ofrálacha a dhéantaí ar son peacaí ná ní raibh aon dúil agat iontu," bíodh go n-ofráltar iad

de réir an dlí. [9]Ansin dúirt sé: “Féach, táim ag teacht chun do thoil a dhéanamh.” Sa tslí seo chuir Dia na chéad íobairtí ar ceal d’fhonn an dara ceann a bhunú. [10]Agus toisc gurbh é sin ba thoil leis, naomhaíodh sinn tríd an ofráil a rinne Íosa Críost dá chorp féin an t-aon uair amháin ar fad.

[11]Téann gach sagart i mbun a chúraimí liotúirgeacha lá i ndiaidh lae. Ofrálann siad na híobairtí céanna go minic ach ní féidir leo sin peacaí a chur ar ceal. [12]Níor ofráil Críost ach an t-aon íobairt shíoraí amháin ar son peacaí. Ansin chuaigh sé ina shuí ar dheis Dé [13]mar a bhfuil sé ag feitheamh feasta nó go gcuirfear a naimhde mar stóilín faoina chosa. [14]Mar sin de, le haon íobairt amháin tá slánú iomlán síoraí faighte aige do na daoine a naomhaítear.

[15]Tugann an Spiorad Naomh fianaise dúinn air seo freisin. Óir tar éis dó a rá: [16]“Seo é an conradh a dhéanfaidh mé leo tar éis na laethanta sin, a deir an Tiarna: Cuirfidh mé mo dhlíthe isteach ina gcroí agus scríobhfaidh mé ar a n-aigne iad,” [17]deir sé: “Ní chuimhneoidh mé ar a bpeacaí ná ar a gcionta feasta.” [18]Dá bhrí sin, nuair a bhíonn peacaí maite, ní gá ofráil a dhéanamh ar a son níos mó.

## Bímis Buanseasmhach

[19]Dá bhrí sin, a bhráithre, tá sé de cheart againn anois dul isteach san Áit Rónaofa de bhrí gur doirteadh fuil Íosa amach ar ár son. [20]Is amhlaidh a d’oscail sé bealach nua chun na beatha dúinn tríd an gcuirtín, is é sin le rá, trína chuid feola féin. [21]Tá ardsagart againn, freisin, a bhfuil Teach Dé faoina chúram anois. [22]Mar sin de, téimis isteach le croí ionraic

agus le creideamh iomlán; bíodh ár gcroíthe glan ó gach smál coinsiasa agus ár gcoirp nite le fíoruisce. [23]Coinnímis greim daingean dobhogtha ar an dóchas a admhaímid a bheith againn, mar is dílis an té a thug na gealltanais uaidh. [24]Agus tugaimis aird ar a chéile chun go spreagfaimid a chéile chun grá a thaispeáint dá chéile agus chun dea-oibreacha a dhéanamh. [25]Ná fanaimis as láthair ónár gcomhthionól mar a dhéanann daoine áirithe, ach bímis ag misniú a chéile, go mór mór ó fheiceann sibh go bhfuil Lá an Tiarna ag druidim linn.

[26]Má leanaimid orainn ag déanamh an pheaca dár lántoil féin, tar éis dúinn eolas a fháil ar an bhfírinne, níl íobairt ar bith ann chun ár bpeacaí a thógáil dínn. [27]Níl le déanamh ach fanacht go critheaglach le breithiúnas Dé agus leis an gcraos tine a ídeoidh a naimhde. [28]Aon duine a bhriseann dlí Mhaois cuirtear chun báis é gan trócaire ar fhianaise beirte nó triúir. [29]Más ea, nach dóigh libh gur measa go mór ná sin an pionós a chuirfear ar an duine a shatail ar Mhac Dé agus a chaith drochmheas ar fhuil an conartha ar naomhaíodh é léi agus a thug masla do Spiorad an ghrásta? [30]Tá a fhios againn cé hé a dúirt: “Mise a imreoidh díoltas; mise a chúiteoidh,” agus fós: “Tabharfaidh an Tiarna breithiúnas ar a phobal.” [31]Is uafásach an rud é titim i lámha Dé bheo.

[32]Cuimhnígí ar an am fadó nuair a fuair sibh solas an chreidimh ar dtús. Is minic a bhí saol crua anróiteach le fulaingt agaibh. [33]Uaireanta maslaíodh sibh agus tugadh drochíde daoibh go poiblí; uaireanta eile chuaigh sibh i bpáirt le daoine ar cuireadh an drochbhail chéanna orthu. [34]Ghlac sibh trua do phríosúnaigh agus nuair a tógadh bhur maoin shaolta uaibh go héagórach chuir sibh suas leis go háthasach mar bhí a fhios agaibh go raibh maoin níos fearr agus níos buaine fós agaibh. [35]Dá bhrí sin, ná cailligí bhur misneach; óir

is mór é an luach saothair atá ag dul dó. [36]Tá gá agaibh le foighne, áfach, le go
ndéanfaidh sibh toil Dé agus go bhfaighidh sibh na maitheasaí a gealladh daoibh. [37]"I
gceann tamaillín bhig eile tiocfaidh an Té atá le teacht agus ní dhéanfaidh sé moill.
[38]Mairfidh an fíréan seo agamsa de bharr a chreidimh. Ach má thugann sé a chúl leis ní
bheidh gnaoi agam air." [39]Ní daoine sinne a thabharfaidh ár gcúl leis an gcreideamh sa
chaoi go gcaillfear sinn, ach daoine a chloífidh leis nó go sábháilfear ár n-anam.

## An Creideamh

11 Is é rud é creideamh ná urra go bhfaighimid na nithe a bhfuilimid ag súil leo agus
cruthú gur ann do na nithe nach bhfeicimid. [2]Is mar gheall ar a gcreideamh a
tugadh dea-theist ar ár sinsir. [3]Trí chreideamh tuigimid gur cruthaíodh an chruinne trí
bhriathar Dé sa chaoi nach as nithe sofheicthe a rinneadh na nithe a fheicimid. [4]Trí
chreideamh d'ofráil Ábil íobairt níos fearr ná íobairt Cháin. Dá bharr sin dearbhaíodh dó
go raibh sé ina fhíréan mar thaispeáin Dia go raibh sé sásta lena thabhartais. Agus de
thairbhe a chreidimh tá sé ag labhairt linn go fóill cé go bhfuil sé marbh.

[5]Trí chreideamh tógadh Eineoc suas sna flaithis sa chaoi nár bhlais sé den bhás. Ní
raibh fáil air de bhrí gur thóg Dia suas é. Roimh a dheastógáil bhí sé de theist air go raibh
sé taitneamhach le Dia. [6]Gan chreideamh ní féidir le duine a bheith taitneamhach leis mar
an té atá ag teacht chun Dé ní mór dó a chreidiúint go bhfuil Dia ann agus go dtugann sé
luach saothair dá mbíonn á lorg.

[7]Trí chreideamh fuair Naoi eolas ó Dhia ar nithe nach raibh le feiceáil go fóill. Ghabh eagla é agus rinne sé an áirc chun a theaghlach a shábháil. Dá bharr sin thug sé daorbhreith ar an saol agus fuair sé ó Dhia an fhíréantacht sin atá bunaithe ar an gcreideamh.

[8]Trí chreideamh rinne Abrahám rud ar Dhia nuair a fuair sé a ghairm uaidh. Thug sé a aghaidh ar áit a bhí le fáil aige mar oidhreacht; d'imigh sé leis, bíodh nach raibh a fhios aige cá raibh a thriall. [9]Trí chreideamh chuir sé faoi sa tír tairngire faoi mar ba thír choimhthíoch í. Chaith sé a shaol i mbothanna in éineacht le hÍosác agus le Iacób, beirt a bhí páirteach leis sa ghealltanas céanna. [10]Óir bhí sé ag súil leis an gcathair a bhfuil bunsraith bhuan aici, arb é Dia a hailtire agus a tógálaí.

[11]Trí chreideamh freisin fuair Sárá féin neart chun mac a ghabháil d'ainneoin go raibh sí thar an aois chuige. Óir chreid sí gurbh iontaofa an té a thug an gealltanas uaidh. [12]Dá bharr sin, ar aon duine amháin a bhí ionann is marbh tháinig sliocht a bhí chomh líonmhar le réaltaí neimhe nó leis na gráinní do-áirithe gainimh atá ar chiumhais na farraige.

[13]Fuair na daoine seo go léir bás sa chreideamh sin gan na maitheasaí a gealladh dóibh a fháil. Ach chonaic siad uathu iad agus bheannaigh siad dóibh, mar a déarfá, agus d'admhaigh siad nach raibh iontu féin ach strainséirí agus coimhthígh ar dhroim an domhain seo. [14]Taispeánann daoine a labhraíonn mar seo go bhfuil tír dhúchais á lorg acu. [15]Dá mbeidís ag cuimhneamh fós ar an tír a d'fhág siad bheadh deis acu ar fhilleadh ar ais uirthi. [16]Ina ionad sin, áfach, is amhlaidh a bhí siad ag tnúth le tír níos fearr, is é sin le rá, le tír neamhaí. Sin é an fáth nár náir le Dia go dtabharfaidís a nDia air mar bhí cathair ullamh aige dóibh.

[17]Trí chreideamh d’ofráil Abrahám Íosác nuair a cuireadh triail air. Bhí sé ullamh a
aonmhac a íobairt siúd is go bhfuair sé na gealltanais agus [18]go ndúradh leis: “Is trí Íosác
a bheidh sliocht ort.” [19]Óir chreid sé go bhféadfadh Dia Íosác a thógáil ó na mairbh féin.
Dá bharr sin, tugadh ar ais dó é – eachtra a raibh brí shamhailteach léi. [20]Trí chreideamh
freisin thug Íosác beannacht do Iacób agus do Éasau a thiocfadh i gcrích lá níos sia
anonn. [21]Trí chreideamh bheannaigh Iacób, agus é ag fáil bháis, gach ceann de mhic
Iósaef, agus chrom anuas os cionn a bhata siúil ag moladh Dé. [22]Trí chreideamh labhair
Iósaef, agus é i ndeireadh a shaoil, i dtaobh imeacht chlann Iosrael ón Éigipt agus d
ordaigh sé dóibh cad ba cheart dóibh a dhéanamh lena chnámha féin.

[23]Trí chreideamh choimeád a thuismitheoirí Maois i bhfolach ar feadh trí mhí nuair a
rugadh é. Óir chonaic siad gur bhreá an leanbh é agus níorbh eagal leo ordú an rí. [24]Trí
chreideamh níor thoil le Maois, nuair a d’fhás sé suas, go dtabharfaí mac iníon Fhorainn
air. [25]Óir b’fhearr leis cruatan a fhulaingt in éineacht le pobal Dé ná só díomuan an
pheaca a bheith aige. [26]Chreid sé gur thairbhí dó cur suas le maslaí ar son an Mheisias ná
stórtha na hÉigipte a shealbhú mar bhí a shúile ar luach saothair a bhí le teacht. [27]Trí
chreideamh d’fhág sé an Éigipt ach ní toisc go raibh eagla air roimh fhearg an rí. Óir bhí
an Té dofheicthe os comhair a shúl aige i gcónaí. [28]Trí chreideamh cheiliúir sé an Cháisc
agus dhoirt sé an fhuil ionas nach mbainfeadh scriostóir na gcéadghinte le clann Iosrael.
[29]Trí chreideamh chuaigh clann Iosrael trasna na Mara Rua faoi mar ba thalamh tirim í,
ach nuair a thug na hÉigiptigh faoi bádh iad.

[30]Trí chreideamh thit ballaí Ireachó ar lár tar éis iad a bheith á dtimpeallú ar feadh seacht lá. [31]Trí chreideamh níor maraíodh an striapach Rácháb in éineacht leis na díchreidmhigh mar chuir sí fíorchaoin fáilte roimh na spiairí.

[32]Agus céard eile céard a déarfaidh mé? Níl mo dhóthain ama agam chun cuntas a thabhairt ar Ghideón, ar Bhárác, ar Shamsón, ar Iaftá, ar Dháiví, ar Shamúéil agus ar na fáithe. [33]Trí chreideamh chuir siad ríochtaí faoi smacht, shaothraigh siad an fhíréantacht, fuair siad a raibh geallta dóibh, dhún siad béil leon, [34]mhúch siad tinte craosacha, d'éalaigh siad slán ó bhéal an chlaímh, d'éirigh siad ó laige go láidreacht, bhí siad cróga sa chath agus chuir siad an ruaig ar shluaite eachtrannach. [35]Fuair mná áirithe a bhfir ar ais ó mhairbh trí aiséirí. Ní ghlacfadh cuid acu lena saoradh agus fuair siad bás agus iad á gcéasadh mar bhí súil acu go n-aiséireoidís chun beatha níos fearr. [36]D'fhulaing cuid eile fós maslaí agus sciúrsáil, cuibhreacha agus príosún. [37]Gabhadh de chlocha orthu, sábhadh ina dhá leath iad, tástáladh iad agus imríodh anbhás orthu le béal claímh. Théidís timpeall agus éadach de chraicne caorach agus gabhar orthu; bhí siad go beo bocht agus iad á mbuaireamh agus á gcrá de shíor. [38]Rómhaith a bhí siad le fanacht i gcuideachta daoine agus d'imigh siad chun fáin agus chuir siad fúthu i bpluaiseanna agus i bpoill faoin talamh. [39]Ach cé gur tugadh dea-theist ar na daoine seo go léir mar gheall ar a gcreideamh, ní bhfuair siad na maitheasaí a gealladh dóibh. [40]Óir bhí socrú níos fearr ná sin déanta ag Dia ar mhaithe linne. Is amhlaidh nach raibh siadsan le slánú iomlán a fháil ach in éineacht linne.

## Smacht an Tiarna

12 Ar an ábhar sin, ós rud é go bhfuil slua chomh mór sin d'fhinnéithe thart timpeall
orainn mar scamall, caithimis uainn gach ualach mar aon leis an bpeaca sin a
ghreamaíonn dínn agus rithimis go buanseasmhach an rás atá leagtha amach dúinn.
[2]Bímis ag féachaint romhainn amach ar Íosa, ar cheannródaí ár gcreidimh, a thabharfaidh
chun foirfeachta é. Ar son an aoibhnis a bhí leagtha amach dó d'fhulaing sé céasadh na
croise mar rinne sé neamhní den mhasla sin, agus tá sé ina shuí anois ar an taobh deas de
ríchathaoir Dé. [3]Déanaigí machnamh, mar sin, ar an té a chuir suas leis na peacaigh a bhí
ag cur chomh mór sin ina aghaidh ionas nach dtiocfaidh tuirse ná lagmhisneach oraibhse
choíche. [4]Ag troid in aghaidh an pheaca daoibh ní raibh oraibh seasamh go doirteadh fola
fós. [5]Agus tá dearmad déanta agaibh ar na briathra spreagúla a labhraítear libh mar
chlann mhac Dé: "A mhic liom, ná déan neamhní den smacht a chuireann Dia ort, ná
bíodh lagmhisneach ort nuair a cheartaíonn sé thú. [6]Óir is ar an duine a bhfuil grá aige air
a chuireann Dia smacht agus sciúrsálann sé gach duine a nglacann sé leis mar mhac."
[7]Bígí buanseasmhach, mar sin, ionas go ndéanfar sibh a oiliúint; is mar chlann mhac atá
Dia ag caitheamh libh. Cá bhfuil an mac nach gcuireann a athair smacht air? [8]Mura
gcuirtear oraibhse an smacht sin is dual a chur ar gach mac, ní clann mhac dlisteanach
sibh ach bastaird. [9]Lena chois sin, nuair a chuireadh ár n-aithreacha nádúrtha smacht
orainn, bhímis urramach dóibh. Nach mó go mór ná sin is ceart dúinn bheith umhal dár
n-athair spioradálta agus an bheatha a shealbhú? [10]Choinnídís-sean faoi smacht sinn ar
feadh tamaillín de réir mar ab áil leo féin; ach is ar mhaithe linn a dhéanann Dia é ionas

go mbeimis páirteach ina naofacht féin. [11]Nuair a chuirtear smacht orainn, ní ábhar áthais dúinn é ag an am ach ábhar dóláis. Ina dhiaidh sin, áfach, tugann an smacht an tsíocháin agus an fhíréantacht uaidh mar thoradh do na daoine a oileadh tríd. [12]Dá bhrí sin, “teannaigí bhur lámha faona agus bhur nglúine laga [13]agus déanaigí cosáin réidhe do bhur gcosa.” Ar an gcuma sin in ionad an chos leonta a chur as alt is amhlaidh a leigheasfar í.

## Foláireamh

[14]Déanaigí iarracht ar an tsíocháin a bhuanú eadraibh féin agus gach uile dhuine; lorgaigí an naofacht sin nach bhfeicfidh aon duine an Tiarna gan í; [15]féachaigí chuige nach gcaillfidh aon duine agaibh grásta Dé, agus nach bhfásfaidh aon fhréamh nimhneach suas in bhur measc a chuirfeadh buaireamh oraibh agus a thruailleodh an t-iomlán agaibh. [16]Ná bíodh aon duine drúisiúil ná díchreidmheach oraibh ar nós Éasau, a dhíol a cheart oidhreachta ar aon bhéile bia amháin. [17]Mar is eol daoibh, nuair ba mhian leis an bheannacht a fháil mar oidhreacht ina dhiaidh sin diúltaíodh dó í. Óir ní bhfuair sé aon chaoi chun aithrí a dhéanamh d’ainneoin gur iarr sé le deora í.

[18]Ní amhlaidh atá sibh tar éis teacht go dtí rudaí somhothaithe, mar atá, scamall dúdhorcha agus duifean agus speirling, [19]blosc stoic agus glór gutha a thug ar an lucht éisteachta a impí nach labhrófaí focal eile leo [20]mar nach bhféadfaidís cur suas leis an ordú a tugadh dóibh: “Má bhaineann ainmhí féin leis an sliabh clochfar é.” [21]Bhí an radharc chomh scanrúil sin go ndúirt Maois: “Táim ar aon bharr amháin creatha le neart eagla.”

[22]Ina ionad sin, tá sibh tagtha go dtí Sliabh Shíón agus cathair Dé bheo, go dtí an Iarúsailéim neamhaí mar a bhfuil na mílte aingeal bailithe le chéile go háthasach, [23]agus comhthionól na gcéadghinte a bhfuil a n-ainmneacha scríofa sna flaithis, mar a bhfuil Dia féin atá ina bhreitheamh ar chách, agus spioraid na bhfíréan a tugadh chun foirfeachta, [24]agus Íosa, idirghabhálaí an chonartha nua, agus doirteadh fola a labhraíonn níos fearr ná fuil Áibil.

[25]Féachaigí chuige nach ndiúltóidh sibh éisteacht leis an té atá ag labhairt libh. Óir más rud é nár éalaigh na daoine sin slán a dhiúltaigh éisteacht leis an té a thug foláireamh dóibh ar talamh is lú go mór ná sin an chaoi éalaithe a bheidh againne má thugaimid ár gcúl leis an té a thugann foláireamh dúinn ó neamh. [26]An uair úd bhain a ghlór croitheadh as an domhan; ach anois tá an gealltanas seo a leanas tugtha aige: “Uair amháin eile bainfidh mé croitheadh ní amháin as an domhan ach as na spéartha chomh maith.” [27]Taispeánann an abairt “uair amháin eile” go dtógfar chun siúil na nithe a mbaintear croitheadh astu, mar gur mar sin a cruthaíodh iad, ionas go bhfanfaidh na nithe atá dochroite. [28]Ach tá ríocht dhochroite á fáil againne. Dá bhrí sin bímis buíoch agus sa tslí sin tugaimis do Dhia an t-adhradh is taitneamhach leis go hurramach ómósach. [29]Óir tine loiscneach is ea ár nDia.

## An tSeirbhís a Thaitníonn le Dia

13 Bíodh grá agaibh do bhur mbráithre i gcónaí; [2]ná déanaigí dearmad ar an bhféile a chleachtadh. Óir, mar gheall ar a bhféile bhí daoine áirithe ann a raibh aingil ar

cuairt acu gan fhios dóibh. [3]Cuimhnígí ar na daoine atá i bpríosún amhail is dá mbeadh sibh féin i bpríosún leo. Cuimhnígí freisin ar na daoine atá ag fulaingt drochíde mar tá sibhse féin ar an aiste chéanna leo. [4]Bíodh meas ag an uile dhuine agaibh ar an bpósadh agus ná truaillítear é. Óir tabharfaidh Dia daorbhreith ar lucht na drúise agus an adhaltranais. [5]Ná bíodh andúil agaibh san airgead. Ach bígí sásta lena bhfuil agaibh. Óir, deir Dia féin: “Ní thréigfidh mé thú go deo; ní fhágfaidh mé san abar thú choíche.” [6]Mar sin de, ní miste dúinn a rá go muinineach: “Is é an Tiarna a thugann cabhair dom, ní bheidh eagla dá laghad orm. Cad is féidir le haon duine a dhéanamh orm?”

[7]Cuimhnígí ar na ceannairí a bhí agaibh tráth, an mhuintir a d’fhógair briathar Dé daoibh. Machnaígí ar dhea-chríoch a saoilsean agus déanaigí aithris ar a gcreideamh. [8]Ach is mar a chéile Íosa Críost inné agus inniu agus go brách.

[9]Ná cuirtear ar seachrán sibh le gach saghas teagaisc strainséartha. Is fearr an croí a neartú le grásta [Dé] ná le cúrsaí bia nach ndeachaigh chun sochair do na daoine a bhíodh ag plé leo. [10]Tá altóir againne nach ceadmhach do lucht freastail an Teampaill ithe di. [11]Is lasmuigh den champa a dhóitear conablaigh na n-ainmhithe a dtugann an t-ardsagart a gcuid fola isteach san Áit Rónaofa in éiric an pheaca. [12]Sin é an fáth ar fhulaing Íosa a pháis lasmuigh den gheata nuair ba mhian leis an pobal a naomhú lena chuid fola féin. [13]Dá bhrí sin, téimis amach as an gcampa chuige agus fulaingímisne an aithis a tugadh dó. [14]Níl cathair bhuanmharthanach againn anseo; is amhlaidh atáimid ag tnúth le cathair atá le teacht. [15]Mar sin de, ofrálaimis íobairt bhuanmholta chun Dé trí Íosa Críost, is é sin le rá, briathra ár mbéil ag moladh a ainm.

16 Ná déanaigí dearmad ar an maith a dhéanamh agus bhur gcuid a roinnt. Óir tá an
saghas sin íobairtí taitneamhach le Dia.
17 Bígí umhal do bhur gceannairí agus tugaigí aird orthu. Tá togha an aireachais á
thabhairt acu do bhur n-anamacha mar beidh orthu cuntas a thabhairt ionaibh. Féachaigí
chuige gurb ábhar áthais dóibh an cúram sin. Óir más ábhar osnaíola dóibh é ní rachaidh
sé sin chun sochair daoibhse.
18 Bígí ag guí ar ár son. Táimid cinnte de go bhfuil coinsias glan againn mar is mian
linn sinn féin a iompar mar is cóir i ngach rud. 19 Iarraim d'achainí róspeisialta oraibh é
seo a dhéanamh ionas go mba luaithide a sheolfar ar ais chugaibh mé.
20 Dia na síochána a threoraigh ar ais ó mhairbh ár dTiarna Íosa Críost atá ina aoire
mór ar na caoirigh trí fhuil an chonartha shíoraí, 21 go ndéana sé foirfe sibh i ngach
dea-obair ionas go ndéanfaidh sibh a thoil, agus go gcuire sé i gcrích ionainn cibé ní is áil
leis, trí Íosa Críost. Moladh go deo leis-sean trí shaol na saol. Amen.
22 Impím oraibh, a bhráithre, cur suas leis an bhfocal misnigh seo. Óir níl ann ach litir
ghairid. 23 Bíodh a fhios agaibh gur scaoileadh ár mbráthair, Tiomóid, as príosún. Má
thagann sé chugam in am, beidh sé in éineacht liom nuair a fheicfidh mé sibh. 24 Tugaigí
mo bheannacht do bhur gceannairí agus do na Críostaithe uile. Cuireann muintir na
hIodála a mbeannacht chugaibh. 25 Go raibh grásta Dé agaibh go léir. Amen.